# Peil na mBrat

Eochairfhocail: peil Mheiriceánach, comórtais réigiúnacha, craobhchomórtas, spraíúil

Príomhscileanna: éisteacht, léamh, scríobh, labhairt

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Cad is ainm don chlub a d'eagraigh Craobhchomórtas Náisiúnta Pheil na mBrat i mBaile Átha Cliath?
2. Cén spórt a bhí á imirt ag na daoine óga?
3. Ainmnigh na trí áit a luaitear sa mhír a raibh na comórtais réigiúnacha ar siúl i mí an Mhárta?
4. Cén fáth a dtaitníonn Peil na mBrat go mór le hEoin?
5. Cén bhliain a thosaigh na Steelers ag eagrú campaí peile in Éirinn?

**Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat labhairt leis an duine in aice leat faoi na spóirt is fearr leis an mbeirt agaibh? Seo cúpla ceist le cuidiú libh agus sibh i mbun comhrá.**

- Cad é an spórt is fearr leat? Cén fáth?
- An spórt foirne nó an spórt aonair atá i gceist?
- Cé hé nó cé hí an réalta spóirt is fearr leat? Cén fáth?
- An bhfuil aon spórt ann nach dtaitníonn leat? Cén fáth?

# Na Freagraí

1. Na Pittsburgh Steelers
2. Peil Mheiriceánach
3. Béal Feirste, Corcaigh agus Baile Átha Cliath
4. Mar tá sé an-spraíúil agus bíonn craic agat le do chairde
5. 2023

